TREOIR MHEARTHOSAITHE DO MHÚINTEOIRÍ
BOSCA UIRLISÍ DIGITEACHA ÁRAS STAIR NA HEORPA

I. Ár nArdán Foghlama: Moodle

Déantar modúil uile an Bhosca Uirlisí Digiteacha a óstáil ar ár n-ardán foghlama, Moodle. Tugann sé rochtain saor in aisce ar ábhar agus cuireann sé ar chumas múinteoirí oibriú lena gcuid daltaí i ngrúpaí foghlama dúnta.

II. Cén trealamh atá ag teastáil uaim?

Students & teachers: Laptop/tablet/smartphone, headphones/speakers, internet access, access codes for learning groups.

III. Logáil isteach agus Grúpaí Foghlama a Chruthú

Tá sé ríthábhachtach logáil isteach agus grúpaí foghlama a chruthú chun oibriú le do dhaltaí i dtimpeallacht foghlama dhúnta. Lean na céimeanna seo chun grúpa foghlama a chruthú agus dearbháin a ghiniúint le cóid rochtana uathúla chun go mbeidh do dhaltaí in ann páirt a ghlacadh sa ghrúpa:

1. Ar an leathanach lamairne, cliceáil ar 'Logáil isteach'.
2. Roghnaigh líon na gcuntas mac léinn agus múinteora atá ag teastáil do do rang.
3. Íoslódáil na dearbháin rochtana mar chomhad zip. Eolas tábhachtach: Ní choinneoidh Moodle cúltaca de na dearbháin sin. Má chailleann tú iad, beidh ort dearbháin nua a chruthú.
4. Dearbhán amháin a dháileadh in aghaidh an dalta e.g. trí ríomhphost, teachtaire, nó asphrionta.
5. Cuireann daltaí agus múinteoirí a gcóid rochtana isteach ar an scáileán logála chun páirt a ghlacadh sa ghrúpa.
6. Ba chóir do dhaltaí a gcéadainm a chur isteach chun aithint a éascú ar fud an mhodúil (seachain ainmneacha iomlána chun cloí leis na rialacháin um chosaint sonraí).
7. Cliceáil ar 'Lean ar aghaidh' chun dul isteach sa timpeallacht foghlama.

IV. Moltaí

- Cruthaigh grúpa foghlama amháin in aghaidh an ranga.
- Cuir tú féin ar an eolas faoin nós imeachta logála isteach roimh an gceacht agus tabhair go leor ama don logáil isteach le do dhaltaí (plean le haghaidh fabhtcheartú).
- Faigheann gach dalta cód aonair le cur isteach.
- Is féidir leat an grúpa foghlama céanna a úsáid le haghaidh roinnt ceachtanna leis an rang céanna (úsáid na cóid chéanna).
- Ag deireadh an cheachta, ní gá duit logáil amach. Níl ort ach fuinneog an bhrabhsálaí a dhúnadh.
- Chun an áit ar fhág tú a fháil, molaimid suíomh gréasáin an Bhosca Uirlisí Digiteacha a leabharmharcáil.

Má tá aon cheist agat nach bhfuil práinneach maidir le gné theicniúil am Bhosca Uirlisí Digiteacha, seol ríomhphost chugainn le do thoil.